



CÚIRT
INIÚCHÓIRÍ
NA hEORPA

Óráid

13 Deireadh Fómhair 2022

Óráid ó Tony Murphy, Uachtarán Chúirt Iniúchóirí na hEorpa

Cur i láthair ar Thuarascáil bhliantúil 2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa

An Coiste um Rialú Buiséadach – Parlaimint na hEorpa

13 Deireadh Fómhair 2022

Beidh tosaíocht ag an óráid ó bhéal ar an téacs scríofa.

A Chathaoirligh,

A Fheisirí,

A Choimisinéara,

[A Ionadaí ó Uachtaránacht na Comhairle],

Is onóir domsa a bheith libh anseo inniu den chéad uair i mo cháil mar **Uachtarán nuathofa** Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE).

Ar an gcéad dul síos, ba mhaith liom **cúpla focal fúm féin** a roinnt libh. Is **iniúchóir** mé a bhfuil os cionn daichead bliain de thaithí agam ag obair in iniúchóireacht na hearnála poiblí, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach. Chaith mé tréimhsí ag obair mar iniúchóir in Uasfhoras Iniúchóireachta na hÉireann, sa Choimisiún Eorpach agus freisin sa Chúirt Iniúchóirí. Chaith mé beagnach 10 mbliana ag obair sa Chúirt Iniúchóirí le cúraimí éagsúla orm agus i Seomraí éagsúla, agus in 2018 rinneadh Comhalta den Chúirt díom.

I mo cháil mar **Uachtarán**, beidh mé **ag díriú isteach** ar leanúint dár gcuid oibre chun tacú leis an **gCoiste** seo, agus an fhaisnéis atá ag teastáil uaibhse a chur ar fáil daoibh ionas go bhféadfaidh sibhse bhur ról a chomhlíonadh agus chun feabhas a chur ar **chuntasacht agus trédhearcacht** ar fud gach cineál gníomhaíochta san Aontas Eorpach, ar mhaithe le leas na saoránach.

Tá mé os bhur gcomhair anseo inniu, áfach, ag feidhmiú sa chúram a bhí agam roimhe seo, is é sin mar an **Comhalta don tuarascáil bhliantúil** don bhliain 2021.

Sa ról sin dom le roinnt blianta anuas, chas mé le go leor agaibh agus bhí deis agam a bheith ag obair libh; mar sin tá a fhios agam ó mo thaithí féin gur ann do **chomhoibriú dlúth agus cuiditheach** idir ár n-institiúidí. Tá mé ag tnúth go mór le casadh **libh ar fad** agus a bheith ag obair libh, agus an comhar bisiúil atá eadrainn a fheabhsú tuilleadh.

Is é ár dtuarascáil bhliantúil an **táirge lárnach** atá againn agus teastaíonn **dícheall comónta** chun é a chur ar fáil. Maidir leis an tuarascáil bhliantúil atá á cur in bhur láthair inniu agam, ní bheadh sí ann murach go raibh **obair foirne** an-dícheallach ann agus **tiomantas** iomlán ón bhfoireann sin. Tapaím an deis seo, chun buíochas a ghlacadh leis an iomad **iniúchóirí** agus leis an **bhfoireann tacaíochta** a raibh lámh acu i ngach céim den obair iniúchóireachta, leis na **Comhaltaí** a bhí freagrach as na caibidlí aonair agus lenár **gColáiste** in iomláine.

Tá ár dtuarascáil bhliantúil á foilsiú i mbliana i **gcomhthéacs atá an-difriúil** ón gcomhthéacs a bhí ann anuraidh. Cé gur oibríomar go léir go dícheallach chun seirbhís éifeachtach a sholáthar in ainneoin na ndeacrachtaí oibríochtúla leanúnacha a d'éascair as géarchéim **COVID-19**, tá **cogadh foghach na Rúise** san Úcráin anois freisin

ann. Tá na hiarmhairtí domhanda atá aige sin, chomh maith leis an **ngéarchéim fuinnimh** atá ag teacht chun cinn, ag cruthú dúshláin nua dúinn go léir.

Tá sé níos tábhachtaí ná riamh cúrsaí airgeadais an Aontais Eorpaigh a bhainistiú **ar bhealach fóna agus éifeachtach**. Éilíonn sé sin **freagracht mhéadaithe** ón gCoimisiún agus ó na Ballstáit, ach freisin uainne ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa.

Cad iad na príomhfhionnachtana atá ag teacht as an bpróiseas bliantúil do 2021?

Ar aon dul le blianta roimhe seo, ghlacamar tuairim ghlan i dtaobh **chuntais an Aontais** – is é sin le rá nach raibh aon mhí-ráiteas ábharthach ann a rinne difear do na cuntais.

Maidir leis an ioncam, is é a fuaireamar ná **nach raibh** an leibhéal foriomlán earráide **ábharthach**. Fuaireamar go raibh laigí fós ann, áfach, a mhéid a bhaineann leis na rialuithe a bhaineann leis na hAcmhainní Dílse Traidisiúnta (mar a thugtar orthu) i mBallstáit áirithe agus a bhaineann le próisis ghaolmhara áirithe sa Choimisiún.

Tá nuálaíocht inár dtuarascáil bhliantúil do bhliain airgeadais 2021 sa mhéid go bhfuil tionscnamh ‘NextGenerationEU’ (**NGEU**), agus go háirithe **RRF**, clúdaithe againn, chomh maith leis na hacmhainní buiséadacha atá comhaontaithe mar chuid de **CAI**.

Den chéad uair riamh, dá bhrí sin, cuirimid **dhá thuairim ar leithligh** ar fáil faoi dhlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais do 2021: ceann ar an **gcaiteachas as buiséad an Aontais** agus ceann eile ar an **gcaiteachas faoi RRF**.

Tugaimid an **dá thuairim ar leithligh** chun go léireofar na **difríochtaí** idir caiteachas buiséadach faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) agus caiteachas faoi RRF. Is **ionstraim shealadach** é RRF, atá á **mhaoiniú trí bhannaí a eisiúint**; ach níos tábhachtaí fós, tá **samhail éagsúil** i gceist leis an gcaoi a ndéantar é a **sheachadadh**. Murab ionann agus an cás leis an gcaiteachas as buiséad an Aontais, atá bunaithe ar **athchistiú na gcostas incháilithe nó coinníollacha a chomhlíonadh** faoi mar atá sainithe i rialacha Eorpacha nó náisiúnta, is é atá mar choinníoll don íocaíocht faoi RRF ná **garspriocanna nó spriocanna réamhshainithe a bheith bainte amach go sásúil**.

Ar dtús, ba mhaith liom díriú ar ár dtuairim agus ar ár bhfionnachtana i ndáil leis an **gcaiteachas faoi bhuiséad an Aontais**.

Bunaithe ar ár sampla ionadaíoch de 740 idirbheart, fuaireamar go raibh an leibhéal foriomlán neamhrialtachtaí **méadaithe** ón mbliain roimhe sin, ag sroicheadh 3.0 % in 2021 (ó 2.7 % in 2020 agus 2019).

I bhfianaise nádúr forleathan na bhfadhbanna a tháinig chun solais (i.e. forleithne na hearráide), thugamar **tuairim neamhfhabhrach**, don tríú bliain i ndiaidh a chéile.

Deimhníonn ár bhfionnachtana arís eile an measúnú a bhí déanta againn roimhe sin go bhfuil tionchar ag an **gcaoi a ndéantar cinntí a eisíoc** ar an leibhéal earráide (i.e. an bhfuil siad á n-eisíoc mar **athchistiú ar chostais atá tabhaithe** nó an bhfuil siad á n-eisíoc bunaithe ar **theidlíocht**).

I gcás **caiteachas ardriosca, tromlach** mór (63%) dár bpobal iniúcháireachta, tá an ráta earráide measta ag 4.7 %. Anseo, táimid ag caint go príomha ar Chomhtháthú, ach freisin ar cheannteidil bheartais AE eile, lena n-áirítear ‘an Margadh Aonair’, ‘Imirce’, ‘Slándáil’, ‘an Chomharsanacht’, agus codanna de ‘Acmhainní Nádúrtha’.

I gcás **caiteachas ísealriosca**, tháingamar ar an tátal go raibh an leibhéal earráide a bhí measta **faoi bhun** na tairsí **ábharthachta** de 2 %. Áirítear leis sin caiteachas bunaithe ar theidlíochtaí, amhail cúnamh díreach d’fheirmeoirí, deontais Erasmus do mhic léinn, agus tuarastail agus pinsin sheirbhísigh shibhialta an Aontais Eorpaigh.

Má **dhírímid isteach** ar feadh meandair ar na **ceannteidil bheartais éagsúla**, ag tosú le **Comhtháthú**, faighimid roinnt earráidí tipiciúla ar nós costais neamh-incháilithe, gan doiciméid bhunriachtanacha tacaíochta a bheith ann, sáruithe ar rialacha an mhargaidh aonair/stáitchabhrach, agus sárú ar rialacha soláthair phoiblí.

Measaimid an leibhéal earráide faoin gceannteideal sin a bheith **ag 3.6 %** (3.5 % in 2020).

Ba mhaith liom, a Chathaoirligh, roinnt **samplaí nithiúla de na hearráidí** a fuairamar a thabhairt, chun léiriú níos fearr a thabhairt ar a bhfuil i gceist agam:

- i gclár amháin a ndearnamar iniúcháireacht air, bhain an earráid le costais ó chomhpháirtithe a bhí suite sa **limistéar geografach mícheart**. Bhí an caiteachas sin neamh-incháilithe.
- i gcás eile, fuairamar amach i dtaobh an cheathrú cuid de na **rannpháirtithe i gclár sóisialta** a bhí deartha do dhaoine nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna go raibh siad go deimhin **fostaithe**.

Cuid thábhachtach dár gcuid oibre ar Chomhtháthú – agus tá a fhios agam gur **réimse é sin a bhfuil spéis ar leith** freisin ag an gCoiste seo ann – is ea an obair a dhéanann na **húdaráis iniúcháireachta náisiúnta**. Ó 2017, déanaimid measúnú ar obair **na n-údarás iniúcháireachta sin** trínár dtástáil shubstainteach. Taispeánann ár n-iniúcháireachtaí le cúig bliana anuas **nach bhfuil an riosca ard earráide** sa réimse seo **á fhritháireamh** go leordhóthanach fós ag obair na n-údarás iniúcháireachta sin agus, i láthair na huaire, go bhfuil teorainneacha ar an **mbeachtas is féidir a lua** leis an obair sin.

A Chathaoirligh, tá sé tábhachtach go dtarraingeoidis aird freisin ar na **samplaí dearfacha** a fhaighimid. Anseo, ba mhaith liom a rá i gcás Ballstát amháin go bhfuairamar gur thug **an t-údarás iniúcháireachta** náisiúnta tacaíocht agus comhairle

faoin gcaoi a bhféadfadh an t-údarás bainistíochta a nósanna imeachta soláthair phoiblí a fheabhsú.

Labhróidh mé anois ar **Acmhainní Nádúrtha**: ar an iomlán, agus ag cur na faisnéise go léir san áireamh, fuaireamar go raibh leibhéal earráide ann a bhí **gar** don tairseach ábharthachta.

Do na réimsí caiteachais sin a sainithníodh mar réimsí **ard-riosca** (forbairt tuaithe, bearta margaidh agus réimsí eile lasmuigh de CBT), i.e. thart ar an tríú cuid faoin gceannteideal seo de CAI, tugann ár gcuid torthaí le tuiscint go bhfuil an leibhéal earráide ábharthach; agus is iad na príomhfhoinsí earráide ná tairbhíthe neamh-incháilithe, earráidí riaracháin agus gan gealltanais chomhshaoil a chomhlíonadh.

Seo a leanas **roinnt earráidí** a fuaireamar sa réimse caiteachais seo:

- d’aimsíomar roinnt cásanna **d’fheirmeacha éanlaithe** a chuir níos mó ná iarratas amháin isteach. I bhformhór na gcásanna, is lánúin phósta a rinne éileamh ar an méid uasta do gach aon duine acu, á rá gur cheart caitheamh leo mar fheirmeoir ar leithligh cé go raibh a gcuid ainmhithe sna foirgnimh chéanna.
- le linn dúinn iniúchóireacht a dhéanamh ar fheirm trí úsáid a bhaint as íomhánna satailíte, rinneamar amach nach raibh dearbhú an fheirmeora ag léiriú na **gníomhaíochta talmhaíochta** a rinneadh **go hiarbhír**. Measadh, dá bhrí sin, gurbh earráid a bhí i níos mó na leath na híocaíochta a bhí i gceist.

Don réimse beartais sin, ba mhaith liom labhairt ar an **rannchuidiú dearfach** is féidir le **seiceálacha trí fhaireachán** a dhéanamh. Tá na seiceálacha sin bunaithe ar íomhánna satailíte is féidir a úsáid ar an leibhéal náisiúnta lena sheiceáil an bhfuil rialacha Eorpacha áirithe á gcomhlíonadh, mar shampla éilimh ar chúnamh bunaithe ar limistéar. Le haghaidh 2021, scrúdaíomar an úsáid a bhain na húdaráis san Iodáil agus sa Spáinn as na híomhánna satailíte sin, agus molaimid don Choimisiún tuilleadh tacaíochta a thabhairt do na Ballstáit ina úsáid, nuair a smaoinítear nach bhfuil ach 13 % den limistéar a thagann faoi scéimeanna cúnamh dhírigh clúdaithe ag seiceálacha den sórt sin faoi láthair.

Don **Mhargadh Aonair, Nuálaíocht agus Inneachar Digiteach**, fuaireamar go raibh méadú ar an leibhéal earráide ábharthach – é ag dul ó 3.9 % in 2020 go dtí **4.4 % in 2021**. Tá caiteachas taighde (Fís 2020 go príomha) fós ina phríomhfhoinsí earráidí, go háirithe a mhéid a bhaineann le costais neamh-incháilithe ar nós costais phearsanra.

Seo a leanas roinnt **samplaí** de na hearráidí sin:

- le linn dúinn iniúchóireacht a dhéanamh ar FBM amháin, fuaireamar **nach raibh aon taifead ama ann** do bheirt den fhoireann, agus go raibh daoine eile ar an bhfoireann a bhí ag éileamh uaireanta an chloig oibre le linn dóibh a bheith ar

shaoire bhliantúil. Bhí beagnach leath na n-uaireanta an chloig oibre a scrúdaíomar neamh-incháilithe.

- i dtionscadal eile, fuairamar nár chomhlíon an taighdeoir **na cáilíochtaí acadúla a bhí ag teastáil** chun tairbhiú de **chomhaltacht Marie Curie**. Dá réir sin, bhí na costais ghaolmhara go léir neamh-incháilithe.

Ag breathnú anois ar Imirce, Teorainneacha, Slándáil agus Cosaint, fuairamar earráidí i mbeagnach an tríú cuid de na hidirbhearta a scrúdaíomar.

- fuairamar i gcás tionscadal amháin a bhí ag baint le slándáil inmheánach, nár ceannaíodh na **feithiclí eisbhóthair do na póilíní de réir mar a bhí beartaithe** – agus ní fhéadfaimis a bheith cinnte an raibh na feithiclí a ceannaíodh go hiarbhír á n-úsáid don chúis a bhí beartaithe leo.
- fuairamar earráidí sa **nós imeachta soláthair chun cóiríocht a sholáthar do lucht lorgtha tearmainn**, agus bhí fadhbanna éagsúla sna conarthaí a síníodh ina dhiaidh sin le hóstáin áirithe. Ní raibh na hearráidí sin braite ag na húdaráis náisiúnta ná ag an gCoimisiún.

A mhéid a bhaineann leis an gceannteideal **an Chomharsanacht agus an Domhan**, bhain na hearráidí ba choitianta a fuarthas leis an méid seo a leanas: caiteachas nár tabhaíodh; gan doiciméid tacaíochta bhunriachtanacha a bheith ann; costais neamh-incháilithe; agus sárú ar na rialacha soláthair phoiblí. Bhí earráidí i mbeagnach leath na n-idirbheart faoi iniúchóireacht. **In ainneoin a theoranta a bhí ár sampla, dheimhnigh ár dtorthaí go bhfuil an riosca earráide faoin gceannteideal seo ard.** Ba cheart dom a rá freisin, in ainneoin dhícheall an Choimisiúin i gcabhrú linn, go mbíonn deacrachtaí i gcónaí againn ó thaobh **doiciméadacht áirithe a fháil ó roinnt eagraíochtaí idirnáisiúnta** a bhíonn i gceannas ar chláir de chuid an Aontais a chur chun feidhme.

Ar deireadh, tagraím don cheannteideal **Riarachán**. Mar a bhí i mblianta roimhe seo, measaimid nach bhfuil an leibhéal earráide ábharthach. **Péire de na chúig earráid** a ndearnamar a chainníochtú, baineann siad leis an bParlaimint; baineann ceann acu leis an gCoimisiún, agus péire le SEGS.

A dhaoine uaisle, díreoidh mé anois ar ár n-iniúchóireacht ar an **gcaiteachas faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta** (RRF).

Is **rud nua** é seo inár dtuarascáil bhliantúil i mbliana, agus rud a leanfaimid de i dtuarascálacha ar leithligh in imeacht shaolré RRF.

Forálann RRF do **shamhail seachadta atá éagsúil** ón tsamhail a úsáidtear don chaiteachas as buiséad an Aontais faoi CAI, mar go bhfuil sé ag díriú ar **gharspriocanna agus spriocanna** a bhaint amach seachas athchistiú a dhéanamh ar na costais a thabhaítear.

Inár ráiteas dearbhaithe don iniúchadh, táimid ag díriú dá bhrí sin ar an bhfuil leordhóthain fianaise, agus fianaise iomchuí, bailithe ag an **gCoimisiún** chun tacú lena **mheasúnú** go ndearnadh na garspriocanna a chomhlíonadh go sásúil. Maidir leis an gceist an bhfuil **rialacha Eorpacha agus náisiúnta eile** á gcomhlíonadh, ní cuid é sin de **mheasúnú an Choimisiúin** ar dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí faoi RRF agus dá bhrí sin níl sé clúdaithe trínár dtuairim. Breathnófar ar an ngné seo inti féin in iniúchtaí a dhéanfar amach anseo tráth a bheidh obair an Choimisiúin ina leith sin críochnaithe, rud a thabharfaidh deis dúinne measúnú a dhéanamh ar an gceist. Thairis sin, ní dhéanaimid measúnú ar **éifeachtacht na n-athchóirithe éagsúla** atá sna garspriocanna; is topaic é sin do thuarascálacha speisialta a dhéanfaí amach anseo ar an ábhar trína bhféadfaí measúnú a dhéanamh ar an éifeachtacht.

I **bpobal iniúcháireachta RRF**, áiríodh an t-aon íocaíocht amháin a rinneadh in 2021 i.e. íocaíocht de €11.5 billiún a rinneadh leis an Spáinn. Rinneadh an íocaíocht sin nuair a tuairiscíodh go raibh gach ceann de na 52 **gharsprioc** (ar bhain siad ar fad le hathchóiriú) comhlíonta.

Fuaireamar i dtaobh **ceann de na garspriocanna** (ag baint le hathchóiriú ar an **gCáin Ioncaim Chorparáideach**, agus go háirithe bearta a thabhairt isteach ‘chun ráta íosta de 15% ag cáiníocóirí a áirithiú’) nach raibh sí comhlíonta go sásúil. Is é ár dtuairim ná **nach raibh** an tionchar **ábharthach**. Thairis sin, thugamar ar aire nach bhfuil **modh** sainithe go fóill ag an gCoimisiún chun **cainníochtú a dhéanamh ar an tionchar a ghabhann le gan garsprioc nó sprioc a bhaint amach**, i.e. cá mhéad ba cheart a fhionraí mar thoradh air sin.

Rinneamar tuilleadh **moltaí** don Choimisiún faoin gcaoi a ndéanann sé na garspriocanna a mheasúnú, go háirithe a mhéid a bhaineann le doiciméadú a dhéanamh ar a chuid oibre agus leis na critéir a úsáidtear chun na garspriocanna a mheasúnú.

A dhaoine uaisle,

Go dtí seo, bhíomar ag breathnú ar ghné na **comhlíontachta** de chaiteachas an Aontais Eorpaigh. Ach breathnaímid freisin ar **úsáid** na gcistí atá ar fáil; agus is réimse é sin ar mhínic leis a bheith ina **chúis bhuartha**. Níor athraigh sé sin in 2021.

Is é €341.6 billiún a bhí sna **gealltanais le hÍoc** ag deireadh 2021, i gcomparáid le €303.2 billiún anuraidh. Tá suim de bheagnach €90 mbilliún, a bhaineann le gealltanais le hÍoc a rinneadh do RRF, san áireamh sa tsuim sin, áfach. Gan an tsuim sin a áireamh, tháinig laghdú ar na gealltanais le hÍoc i gcomparáid leis an mbliain seo caite, go príomha mar gheall ar mhoilleanna i gcur chun feidhme na gcistí faoi bhainistíocht chomhroinnte faoi CAI 2021-2027.

Tugaimid faisnéis freisin inár dtuarascáil ar a neamhchosanta atá buiséad an Aontais ar **dhliteanais** a d'fhéadfaí a éileamh amach anseo. Tháinig beagnach dúbailt ar an neamhchosaint sin in 2021, ag ardú go dtí €277.9 billiún. Is í an phríomhchúis a bhí leis sin ná €91 billiún i mbannaí a eisíodh chun pacáiste NGEU a mhaoiniú, agus méadú de €50.2 billiún a tháinig ar chúnamh airgeadais a tugadh do Bhallstáit chun cosaint a thabhairt do phoist agus oibrithe a raibh tionchar ag an bpaindéim orthu (SURE).

Ón dearcadh cothrománach de, tuairiscímid ar shaincheisteanna a bhaineann le Tuarascáil Bhliantúil Bhainistíochta agus Feidhmíochta Bhuiséad an Aontais Eorpaigh (**AMPR**) ón gCoimisiún, a bheidh á plé agaibh níos déanaí inniu. Thugamar ar aire i mbliana go bhfuil tionchar ag na teorainneacha a ghabhann le rialuithe *ex post* i réimsí beartais éagsúla ar a threise atá **measúnú riosca an Choimisiúin** agus ar an gcaoi a ndéantar caiteachas a aicmiú mar **chaiteachas ardriosca nó mar chaiteachas ísealriosca**. Tuairiscímid freisin ar an gcaoi a ndéantar **ceartúcháin airgeadais** le haghaidh íocaíochtaí neamhrialta (€5.6 billiún) a chur i láthair, agus measaimid go bhfuil an baol ann go leanfadh míthuiscint as an gcur i láthair sin. Ar deireadh, i ndáil leis an bhfógra a thug an Coimisiún don Ungáir faoin **Rialachán Coinníollachta**, tugaimid ar aire nach bhfuil mionsonraí faoin bhfógra sin foilsithe in AMPR ná aon trácht ann ar an gcaoi a bhféadfadh an fógra sin difear a dhéanamh do rialtacht an chaiteachais lena mbaineann. Idir an dá linn, tá bearta cosanta don bhuiséad molta ag an gCoimisiún don Chomhairle, agus – mar is eol daoibh – tá faisnéis bhreise roinnte aige léi inar thagair sé do roinnt saincheisteanna, lena n-áirítear an córas soláthair phoiblí agus cosc agus ceartú coinbhleachtaí leasa.

Ar deireadh, rinneamar 15 chás de chalaos amhrasta a shainaithníomar le linn ár gcuid oibre iniúchóireachta in 2021 (2020: sé chás) a thuirisciú chuig OLAF, a bhfuil cúig imscrúdú tionscanta cheana féin aige ina dtaobh sin. Tá socruithe oibre againn le OIPE agus OLAF, agus ón mbliain seo ar aghaidh, táimid ag cur cásanna de chalaos amhrasta ar aghaidh chuid an dá eagraíocht sin ag an am céanna aon uair is féidir é. Taobh amuigh de na cásanna aonair a mbeadh amhras againn ina dtaobh, téann an Chúirt i ngleic leis an topaic thábhachtach seo trí Thuarascálacha speisialta, mar shampla nuair a bhreathnaíomar ar rioscaí calaoise a imríonn tionchar ar an gComhbheartas Talmhaíochta (14/2022), dúliostú oibreoirí (11/2022), agus coinbhleachtaí leasa i mbainistíocht chomhroinnte (ag teacht sa chéad ráite de 2023)).

A Chathaoirligh, a Fheisirí,

Tá **faisnéis agus fionnachtana níos mionsonraithe** inár dtuarascáil bhliantúil ar mhaith liom aird a tharraingt orthu, ach faraor níl an oiread sin ama agam. Mar sin, críochnóidh mé an méid seo trína lua libh go bhfuil siad sin le fáil i dtéacs ár **dTuarascála bliantúla** agus inár bhfoilseachán dar teideal '**Iniúchadh AE i mbeagán focal**', a bhfuil cóip díobh sin faighte agaibh go léir.

Ba mhaith liom deireadh a chur le mo phósa cainte trína lua go léiríonn na fionnachtana do 2021 go gcaithfidimid **a bheith aireach i gcónaí** agus go bhfuil **seiceálacha éifeachtacha ag teastáil ar gach leibhéal** ar an gcaoi a bhfuil an t-airgead á chaitheamh agus an bhfuil na torthaí a bhí beartaithe á mbaint amach.

Tá an saol ag athrú ag **luas lasrach** agus tugann sé sin dúshláin nua leis don Aontas Eorpach. Tiocfaidh dúbailt ar an leibhéal caiteachais san Aontas Eorpach sna blianta beaga seo amach romhainn agus, dá bhrí sin, tá **freagracht ollmhór** ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cistí an Aontais a bhainistiú ar bhealach fónta agus éifeachtúil.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom an deis seo a thapú le **buíochas a ghabháil leis an gCoimisinéir** as an gcomhoibriú a rinne a institiúid linn le bliain anuas. B'fhéidir amanna nach mbímid ar aon intinn faoi phointí ar leith, ach – in éineacht – táimid araon ar ár ndícheall, de réir na bhfreagrachtaí atá orainn, a chinntiú go mbeadh leas maith á bhaint as buiséad an Aontais Eorpaigh.

Go raibh maith agaibh as bhur **n-aird** agus táim ag tnúth le freagra a thabhairt ar bhur **gceisteanna**.